Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 29 Bealtaine 2019
(OR. en)

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2018/0064(COD)**

**9400/19**
**ADD 2**

**CODEC 1102**
**SOC 367**
**EMPL 277**
**MI 449**
**IA 159**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena mbunaítear Údarás Eorpach Saothair, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 883/2004, (AE) Uimh. 492/2011, agus (AE) 2016/589 agus lena n-aisghairtear Cinneadh (AE) 2016/344 **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh<br>- Ráiteas |

**Ráiteas ó Phoblacht na Seice**

Bhí Poblacht na Seice riamh, agus tá fós, go mór ar son saorghluaiseacht oibrithe, saoirse bhunaíochta, saoirse chun seirbhísí a sholáthar, agus bunphrionsabail Mhargadh Inmheánach an Aontais Eorpaigh. Is chun leasa an Aontais agus a Bhallstát uile é go gcuirtear an reachtaíocht ábhartha maidir le margadh inmheánach an Aontais i bhfeidhm ina hiomláine agus go mbaintear na bacainní ar fhorfheidhmiú éifeachtach na saoirsí sin.

Tá Poblacht na Seice den tuairim gur féidir cuidiú leis an gcuspóir an Margadh Inmheánach a dhéanamh cothrom éifeachtach trí Údarás Eorpach Saothair a bhunú, agus leis sin, prionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta a chur chun feidhme. I ndáil leis sin, tacaíonn Poblacht na Seice le bearta chun feabhas a chur ar chomhar trasteorann agus ar fhorfheidhmiú dhlí an Aontais i réimse shoghluaisteacht an lucht saothair. Is mór aici freisin go bhfuil béim á cur ar dhul i ngleic le mí-úsáidí chun cearta oibrithe soghluaiste a chosaint.

Tá roinnt forchoimeádas ag Poblacht na Seice, áfach, maidir le téacs deiridh an Rialacháin.

Ar an gcéad dul síos, is oth le Poblacht na Seice nach dtugtar "gníomhaireacht" ar an eintiteas nuabhunaithe de chuid an Aontais. Bheadh údar cuí iomlán leis sin i bhfianaise gur cheart é a rialú agus a oibriú i gcomhréir le prionsabail Ráitis Chomhpháirtigh ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún Eorpach maidir le gníomhaireachtaí díláraithe an 19 Iúil 2012, lena gceanglaítear – chun mearbhall i measc na saoránach agus na ngeallsealbhóirí a sheachaint – úsáid a bhaint as téarma caighdeánach, "gníomhaireacht".

Maidir le raon feidhme agus cineál ghníomhaíochtaí an Údaráis, chreid Poblacht na Seice riamh gur cheart gurbh é príomhchúram an Údaráis cuidiú leis na Ballstáit agus leis an gCoimisiún lena gcomhar deonach darb aidhm cur i bhfeidhm agus forfheidhmiú éifeachtach dhlí an Aontais a bhaineann le soghluaisteacht an lucht saothair. Ba cheart go n-urramófaí leis an gcomhar sin inniúlachtaí na mBallstát maidir le cur i bhfeidhm agus forfheidhmiú dhlí ábhartha an Aontais. Léirítear an prionsabal sin in Airteagal 1 den Rialachán.

Dealraíonn sé, áfach, go bhfuil na forálacha comhaontaithe maidir le cigireachtaí comhphháirteacha agus cigireachtaí comhbheartaithe athbhríoch i ndáil leis an méid sin agus d'fhéadfaí léirthuiscintí éagsúla eascairt astu i dtaca le méid inniúlachtaí an Údaráis agus na mBallstát.

Ba cheart aon chigireacht chomhpháirteach a dhéanamh *inter alia*, ar choinníoll go gcomhlíontar critéar na héifeachtúlachta, ar ceann de na gnéithe í ar cheart do na Ballstáit a bheith ábalta measúnú a dhéanamh uirthi agus iad ag breithniú a rannpháirtíochta sa chigireacht chomhpháirteach nó sa chigireacht chomhbheartaithe. Dá bhrí sin, tuigtear do Phoblacht na Seice nach bhforchuirtear leis na forálacha sin aon oibleagáid ar na Ballstáit páirt a ghlacadh i gcigireacht chomhpháirteach nó cigireacht chomhbheartaithe, agus ní chuirtear de cheangal orthu míniú ná údar cuí a thabhairt ar na cúiseanna lena neamh-rannpháirtíocht i gcigireachtaí comhpháirteacha agus cigireachtaí comhbheartaithe.

Is é an léamh atá ag Poblacht na Seice ar fhoráil chomhfhreagrach an Rialacháin go gcumasaítear léi na Ballstáit ina bhfuil an chigireacht á déanamh, ról agus stádas na n-oifigeach as Ballstát eile atá ag glacadh páirt i gcigireacht chomhpháirteach a chinneadh. Ná cuirtear cigireachtaí comhpháirteacha agus cigireachtaí comhbheartaithe arna n-eagrú faoi choimirce an Údaráis Eorpaigh Saothair in ionad inniúlachtaí náisiúnta agus ná baineadh siad an bonn díobh.

Ar deireadh, a mhéid a bhaineann leis an nós imeachta idirghabhála, sonraítear sa Rialachán, mar is ceart, gur gan dochar a bheidh sé d'inniúlachtaí an Choimisiúin Riaracháin um Chomhordú na gCóras Slándála Sóisialta a bunaíodh i Rialachán (CE) Uimh. 883/2004. Ní sholáthraítear bearta coimirce leordhóthanacha le Rialachán an Údaráis Eorpaigh Saothair áfach, maidir le dúbailt gníomhaíochtaí an Choimisiúin Riaracháin um Chomhordú na gCóras Slándála Sóisialta agus an Údaráis a sheachaint. Mar sin, iarrann Poblacht na Seice Comhaontú Comhair lena gcuirfí béim ar ról an Choimisiúin Riaracháin um Chomhordú na gCóras Slándála Sóisialta i dtaca le saincheisteanna slándála sóisialta a mhéid is féidir.